Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Nollaig 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0422(COD)**

15006/22
ADD 3

COPEN 409
DROIPEN 155
ENV 1209
JAI 1558
CODEC 1841

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 14734/22, WK 16106/22 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 14459/21 + COR 1 + ADD 1 + ADD 2 COR 1 + ADD 3 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil<br>- Cur chuige ginearálta<br>- Dearbhú ó thoscaireachtaí na Fionlainne agus na Bulgáire |

Tá an dearbhú seo a leanas á thíolacadh ag an bhFionlainn agus ag an mBulgáir le haghaidh mhiontuairiscí an chruinnithe den Chomhairle ag a ndéanfar an dréacht-threoir a mheas:

'Tacaíonn an Fhionlainn agus an Bhulgáir go hiomlán le cuspóirí an togra le haghaidh na Treorach maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil. Mar sin féin, measaimid gurb ionann na forálacha atá beartaithe in Airteagal 7 maidir leis na fíneálacha atá le gearradh ar dhaoine dlítheanacha agus comhchuibhiú ró-fhorleathan agus mionsonraithe ar an dlí coiriúil. Ina theannta sin, dhéanfadh na forálacha sin difear suntasach, sa chleachtas, do gach catagóir cionta eile maille le cionta comhshaoil.

Tá an Fhionlainn agus an Bhulgáir den tuairim go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach, agus athchóirithe atá chomh suntasach sin á mbreithniú i réimse dhlí coiriúil an Aontais, a áirithiú go bhfuil siad bunaithe ar fhorais théagartha arna gcíoradh go hiomchuí agus a bhfuil tábhacht mhór ag baint leo agus go n-ullmhaítear go cruinn beacht iad. Agus breithniú á dhéanamh ar an ngá atá le smachtbhannaí coiriúla a chomhfhogasú i réimsí áirithe, is gá a chur san áireamh freisin go bhfuil traidisiúin dhlíthiúla éagsúil ó Bhallstát go Ballstát. I réimse an dlí choiriúil, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéantar gnéithe speisialta agus bunúsacha na gcóras náisiúnta a urramú.

Chun go mbeidh na Ballstáit in ann comhleanúnachas a gcóras pionósach náisiúnta a chaomhnú, tá gá le solúbthacht áirithe agus smachtbhannaí coiriúla á gcomhfhogasú. Nuair a chinntear leibhéil chomhchoiteanna smachtbhannaí, ba cheart aird chuí a thabhairt freisin ar leibhéal foriomlán déine agus comhleanúnachais na gcóras náisiúnta.’